# Teaghlaigh Aoife agus Bhreandáin

**Éist leis an gcomhrá seo.**
**Tá Aoife agus Breandán ag labhairt faoina dteaghlaigh.**
**Freagair na ceisteanna seo a leanas bunaithe ar an méid a chloiseann tú.**
**Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | **Athair Aoife:** | **Alan** | **Frank** |
| 2. | **Máthair Aoife:** | **Laura** | **Frank** |
| 3. | **Iníon Mhorris:** | **Síle** | **Mairéad** |
| 4. | **Alan:** | **deartháir Aoife** | **deartháir Shíle** |
| 5. | **Tá Breandán:** | **pósta** | **singil** |
| 6. | **Tá Síle:** | **pósta** | **singil** |

# Script

**Aoife**: Haigh! Is mise Aoife. Nach tusa deartháir Alan?

**Breandán**: Sea, is mise Breandán. An bhfuil aithne agat ar Alan?

**Aoife**: Tá. Tá Alan mór le mo thuismitheoirí, Laura agus Frank.

**Breandán**: Ó is tusa iníon Laura agus Frank! Tá sé go deas bualadh leat.

**Aoife**: Cé mhéad deartháir atá agat? Deartháir amháin, an ea?

**Breandán**: 'Sea agus deirfiúr amháin. Síle is ainm di. Tá sí pósta le Morris agus tá iníon acu, Mairéad.

**Aoife**: An bhfuil tú féin pósta?

**Breandán**: Níl, tá mé singil. Agus tusa?

**Aoife**: Tá mé singil freisin.